**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2023/0124(COD)**

24.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimhir 648/2004 (COM(2023)0217 – C9-0154/2023 – 2023/0124(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Maria da Graça Carvalho



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Legam

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Réamhrá**
Is cuid de shaol laethúil shaoránaigh uile an Aontais iad glantaigh. I bhfianaise na laigí a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar Rialachán na nGlantach, agus ós rud é go bhfuil creat rialála comhleanúnach cobhsaí ríthábhachtach chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004.
I bhfianaise inniúlachtaí comhroinnte agus eisiacha Choiste IMCO, chuir an rapóirtéir leasuithe síos a dhírigh go príomha ar thrí réimse éagsúla: Marcáil CE, Pas Táirge Digiteach agus Lipéadú Digiteach.
Dhréachtaigh an Rapóirtéir an Tuairim seo ag féachaint do chúig mhórphrionsabal treorach: **cosaint tomhaltóirí, laghdú ar an ualach riaracháin/maorlathas, simpliú ceanglas, trédhearcacht agus cothú nuálaíochta.**

1) **Marcáil CE**
Is uirlis í an mharcáil CE a ceapadh chun comhréireacht leis na rialacha is infheidhme a léiriú. De réir na rialacha sin, is freagrachtaí ar na monaróirí iad measúnuithe comhréireachta agus dearbhuithe maidir le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais, gan réamhscrúdú ag na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, is é an pas táirge digiteach an uirlis trína léireoidh monaróirí go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo. I bhfianaise na bhfíoras sin, creideann an Rapóirtéir nach gcuirfeadh an mharcáil CE luach leis an táirge agus nach ndéanfadh sé tomhaltóirí a chosaint, rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó maorlathais ann, go méadófaí an t-ualach riaracháin agus go ndéanfaí nósanna imeachta um chomhlíonadh a dhúbláil. Dá bhrí sin, mhol an Rapóirtéir go scriosfaí é.

2) **Pas Táirge Digiteach**
Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Pas Táirge Digiteach (DPP) a chruthú le haghaidh gach baisce. Mar sin féin, chun níos mó éifeachtúlachta a áirithiú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, molann an Rapóirtéir ina ionad sin gur cheart do DPP a bheith sonrach do gach múnla táirge. Mar sin féin, molann an rapóirtéir freisin go bhféadfaí pas nua táirge a bheith ann le haghaidh baisc ar leith, eadhon má tá athrú tagtha ar fhoirmliú nó ar chomhdhéanamh an táirge.
Molann an rapóirtéir freisin gur cheart do DPP a bheith ann go comhchuí, trí shineirgíochtaí, le pasanna táirgí eile dá bhforáiltear i reachtaíocht eile, trí phas táirge digiteach aonair a bheith aige ina gcomhcheanglaítear na gnéithe éagsúla a cheanglaítear leis na píosaí éagsúla de reachtaíocht an Aontais.

3) **Lipéadú Digiteach**
Chun tomhaltóirí a chosaint, molann an rapóirtéir córas lipéadaithe hibrideach, lena n-áirítear lipéad fisiceach agus lipéad digiteach chun inléiteacht a mhéadú agus simpliú an lipéid a áirithiú. Ar an lipéad fisiceach, beidh faisnéis maidir le dáileogacht, faisnéis sláinte agus sábháilteachta agus faisnéis faoin monaróir, ar bhealach níos simplí agus níos inléite, agus beidh an fhaisnéis ábhartha eile ar fad ar an lipéad digiteach. In ionad lipéid phlódaithe atá deacair a léamh, tá sé mar aidhm ag an rapóirtéir tuiscint, inléiteacht, inrochtaineacht agus éifeachtacht fheabhsaithe na cumarsáide maidir le sábháilteacht a mhéadú agus faisnéis maidir le húsáideoirí

deiridh a úsáid.
Tuigeann an rapóirtéir go mbeidh rochtain ar an lipéad digiteach agus ar an bpas táirge digiteach araon tríd an iompróir sonraí céanna.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch a mbíonn baint acu leis an slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach oibleagáidí a bheidh ag teacht le ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus dáilte. | (14) Ba cheart do gach oibreoir eacnamaíoch a mbíonn baint acu leis an slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí ***agus éifeachtacha*** a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáileadh soiléir comhréireach oibleagáidí a bheidh ag teacht le ról gach oibreora eacnamaíoch sa slabhra soláthair agus dáilte. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Chun go n-éascófar comhlíontacht a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí, ba cheart a cheadú do mhonaróirí atá bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe a cheapadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh ar a son. Thairis sin, chun a áirithiú go ndáilfear freagrachtaí go soiléir agus go comhréireach idir an monaróir agus an t-ionadaí údaraithe is gá an liosta de chúraimí a leagan amach ar cheart a cheadú do mhonaróirí ina leith dul ar iontaoibh an ionadaithe údaraithe maidir leo. Thairis sin, chun in- | (17) Chun go n-éascófar comhlíontacht a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí, ba cheart a cheadú do mhonaróirí atá bunaithe san Aontas ionadaí údaraithe a cheapadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh ar a son. ***Níor cheart ceapachán den sórt sin a bheith bailí ach amháin nuair a ghlacann an t-ionadaí údaraithe leis i scríbhinn.*** Thairis sin, chun a áirithiú go ndáilfear freagrachtaí go soiléir agus go comhréireach idir an monaróir agus an t-ionadaí údaraithe is gá an liosta de chúraimí a leagan amach ar |

| | |
|---|---|
| fhorfheidhmitheacht agus éifeachtúlacht na gceanglas i ndáil le faireachas margaidh a áirithiú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá comhlíontach, ba cheart ceapadh ionadaithe údaraithe a bheith sainordaitheach nuair a bhíonn monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas. | cheart a cheadú do mhonaróirí ina leith dul ar iontaoibh an ionadaithe údaraithe maidir leo. Thairis sin, chun in-fhorfheidhmitheacht agus éifeachtúlacht na gceanglas i ndáil le faireachas margaidh a áirithiú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais ach glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá comhlíontach, ba cheart ceapadh ionadaithe údaraithe a bheith sainordaitheach nuair a bhíonn monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ardleibhéal cosanta a sholáthar i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, is gá a shuí go gcomhlíonfaidh glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ó thríú tíortha a thugtar isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo freisin. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis na táirgí sin. Is gá freisin rialacha a leagan síos d'allmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na glantaigh agus na dromchlaghníomhaithe a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go mbeidh an doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ***agus, i gcás inarbh ábhartha, an mharcáil chomhréireachta*** ar fáil chun críche cigireachta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go bhfuil pas táirge ar fáil le haghaidh na dtáirgí sin. | (19) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ardleibhéal cosanta a sholáthar i ndáil leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol, is gá a shuí go gcomhlíonfaidh glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ó thríú tíortha a thugtar isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo freisin. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis na táirgí sin. Is gá freisin rialacha a leagan síos d'allmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na glantaigh agus na dromchlaghníomhaithe a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go mbeidh an doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ar fáil chun críche cigireachta a dhéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go bhfuil pas táirge ar fáil le haghaidh na dtáirgí sin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ós rud é go mbíonn ról tábhachtach ag allmhaireoirí i ráthaíocht chomhlíontacht na nglantach agus na ndromchlaghníomhaithe isteach i margadh an Aontais, agus glantach nó dromchlaghníomhaí á chur ar an margadh acu, ba cheart d'allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus***, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, modh leictreonach cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo a chur in iúl***. | (20) Ós rud é go mbíonn ról tábhachtach ag allmhaireoirí i ráthaíocht chomhlíontacht na nglantach agus na ndromchlaghníomhaithe isteach i margadh an Aontais, agus glantach nó dromchlaghníomhaí á chur ar an margadh acu, ba cheart d'allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus ***seoladh ríomhphost a léiriú ar an táirge***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ó tharla go bhfuil dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh agus go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le comhlíonadh táirge a áirithiú, ba cheart dóibh a bheith bainteach le cúraimí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith réidh chun a bheith rannpháirteach go gníomhach ***tríd an bhfaisnéis*** uile is gá a bhaineann ***leis an nglantach*** nó an dromchlaghníomhaí lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin. | (22) Ó tharla go bhfuil dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh agus go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le comhlíonadh táirge a áirithiú, ba cheart dóibh a bheith bainteach le cúraimí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith réidh chun a bheith rannpháirteach go gníomhach ***agus an fhaisnéis*** uile is gá a bhaineann ***le comhréireacht an ghlantaigh*** nó an dromchlaghníomhaí lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin***, faoi réir iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta atá soiléir agus a bhaineann go sonrach le glantach a chuir dáileoir ar fáil ar an margadh***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Is í marcáil chomhréireachta, lena léirítear comhréireacht glantaigh leis an Rialachán seo, an iarmhairt infheicthe ar phróiseas iomlán a chuimsíonn measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] leagtar síos prionsabail ghinearálta na marcála comhréireachta. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le glantaigh a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a bhaineann tairbhe as an tsaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas ceanglais lena soláthraítear ardleibhéal cosanta i ndáil le leasanna an phobail, amhail an tsláinte agus an comhshaol. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, ba cheart gurb í an mharcáil chomhréireachta an t-aon mharc comhréireachta lena léireofaí go bhfuil an glantach i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú.*** | ***scriosta*** |
| ***[36] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).*** | |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Cuirtear faisnéis thábhachtach | (26) Cuirtear faisnéis thábhachtach |

úsáide agus sábháilteachta in iúl d'úsáideoirí ar lipéid, amhail gur ann d'íogróirí craicinn nó riospráide (e.g. cumhráin ailléirgineacha, leasaithigh nó einsímí) i nglantaigh agus i ndromchlaghníomhaithe. Trí fhaisnéis a sholáthar maidir le hábhar na substaintí sin ar lipéid glantach agus dromchlaghníomhaithe, is féidir le húsáideoirí a bhfuil ailléirgí ag dul dóibh nó atá tugtha d'ailléirgí roghanna eolasacha a dhéanamh, agus mar sin laghdaítear an frithghníomh a d'fhéadfadh a bheith bainteach le húsáid glantach agus dromchlaghníomhaithe. Is gá dá bhrí sin ceanglais lipéadaithe a bhunú maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe.

úsáide***, sláinte*** agus sábháilteachta in iúl d'úsáideoirí ar lipéid, amhail gur ann d'íogróirí craicinn nó riospráide (e.g. cumhráin ailléirgineacha, leasaithigh nó einsímí) i nglantaigh agus i ndromchlaghníomhaithe. Trí fhaisnéis a sholáthar maidir le hábhar na substaintí sin ar lipéid glantach agus dromchlaghníomhaithe, is féidir le húsáideoirí a bhfuil ailléirgí ag dul dóibh nó atá tugtha d'ailléirgí roghanna eolasacha a dhéanamh, agus mar sin laghdaítear an frithghníomh a d'fhéadfadh a bheith bainteach le húsáid glantach agus dromchlaghníomhaithe. Is gá dá bhrí sin ceanglais lipéadaithe a bhunú maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) An fhaisnéis maidir leis an méid ceart glantaigh is gá do thomhaltóirí a úsáid nuair a thugann siad faoi ghníomhaíochtaí glantacháin, is é sin, faisnéis dáileoige, ba cheart í a áireamh ar lipéad níocháin tomhaltóirí agus ar ghlantaigh miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra chun ró-úsáid ***ionchasach*** na nglantach a chosc, rud a laghdóidh an méid iomlán glantaigh agus dromchlaghníomhaí a rachaidh isteach sa chomhshaol. | (30) An fhaisnéis maidir leis an méid ceart glantaigh is gá do thomhaltóirí a úsáid nuair a thugann siad faoi ghníomhaíochtaí glantacháin, is é sin, faisnéis dáileoige, ba cheart í a áireamh ar lipéad níocháin tomhaltóirí agus ar ghlantaigh miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra chun ró-úsáid na nglantach a chosc, rud a laghdóidh an méid iomlán glantaigh agus dromchlaghníomhaí a rachaidh isteach sa chomhshaol. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30 a) Chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí deiridh an teanga a úsáidtear*** |

| | |
|---|---|
| | ***ar an bpacáistíocht a thuiscint go héasca, d'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as na ceanglais chéanna a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) D'fhéadfadh an lipéadú digiteach feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis lipéadaithe in iúl trí lipéid fhisiceacha ró-ualaithe a sheachaint agus trína chur ar a gcumas d'úsáideoirí brath ar roghanna léitheoireachta éagsúla atá ar fáil le haghaidh formáidí digiteacha amháin, amhail cló méadaithe, cuardach uathoibríoch, callairí arda nó aistriúchán go teangacha eile. Chomh maith leis sin, ach lipéid dhigiteacha a sholáthar d'fhéadfadh sé go ndéanfadh oibreoirí eacnamaíocha a gcuid oibleagáidí maidir le lipéadú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, trí ***é a dhéanamh níos éasca an*** fhaisnéis lipéadaithe a thabhairt cothrom le dáta, trí ***na costais*** a ***bhaineann le lipéadú a*** laghdú agus trí fhaisnéis níos spriocdhírithe a ***chur ar fáil*** d'úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart ***a cheadú*** d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis ***lipéadaithe*** áirithe a ***sholáthar*** tríd an lipéad digiteach ***amháin*** faoi réir coinníollacha áirithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí ***na nglantach***. | (31) D'fhéadfadh an lipéadú digiteach feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis lipéadaithe in iúl trí lipéid fhisiceacha ró-ualaithe a sheachaint agus trína chur ar a gcumas d'úsáideoirí brath ar roghanna léitheoireachta éagsúla atá ar fáil le haghaidh formáidí digiteacha amháin, amhail cló méadaithe, cuardach uathoibríoch, callairí arda nó aistriúchán go teangacha eile. Chomh maith leis sin, ach lipéid dhigiteacha a sholáthar d'fhéadfadh sé go ndéanfadh oibreoirí eacnamaíocha***, FBManna go háirithe,*** a gcuid oibleagáidí maidir le lipéadú a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, trí ***chreat níos simplí a chruthú, trí*** fhaisnéis lipéadaithe a thabhairt cothrom le dáta, trí ***chostais lipéadaithe*** a laghdú agus trí fhaisnéis níos spriocdhírithe a ***cheadú*** d'úsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart ***go gceadófaí*** d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis áirithe ***maidir le lipéadú*** a ***chur ar fáil*** tríd an lipéad digiteach faoi réir coinníollacha áirithe chun ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí ***glantach, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfanfaidh eilimintí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ar an lipéad fisiciúil***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31 a) D'fhéadfadh lipéadú digiteach cur le hinléiteacht, éascaíocht úsáide agus tuiscint na lipéad do thomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí lagamhairc.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ionas nach ***gcuirfí*** ualach riaracháin ***gan ghá*** ar oibreoirí eacnamaíocha agus ***toisc, i bhformhór na gcásanna, nach bhfuil an lipéad digiteach comhlántach ach leis an lipéad fisiceach amháin, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoi cé acu lipéid dhigiteacha a úsáid nó gan iad a úsáid nó an fhaisnéis go léir a sholáthar ar lipéad fisiceach amháin. Ba cheart an rogha maidir le lipéad digiteach a sholáthar a bheith faoi mhonaróirí agus allmhaireoirí, atá freagrach as an tacar cruinn faisnéise lipéadaithe a sholáthar.*** | (32) Ionas nach ***gcuirfear*** ualach riaracháin ***nach bhfuil gá leis*** ar oibreoirí eacnamaíocha***, go háirithe ar fhiontair bheaga*** agus ***mheánmhéide, rachadh simpliú na gceanglas lipéadaithe faoin Rialachán seo chun tairbhe an tionscail agus na n-úsáideoirí deiridh.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) D'fhéadfadh lipéadú digiteach dúshláin a chruthú freisin do ghrúpaí daonra leochaileacha nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach leor a scileanna digiteacha agus d'fhéadfaí an deighilt dhigiteach a threisiú dá bharr sin. | (33) D'fhéadfadh lipéadú digiteach dúshláin a chruthú freisin do ghrúpaí daonra leochaileacha nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach leor a scileanna digiteacha agus d'fhéadfaí an deighilt dhigiteach a threisiú dá bharr sin. |

Ar an gcúis sin, ba cheart an fhaisnéis shonrach ***nach soláthrófar ach*** ar lipéad digiteach ***amháin*** staid reatha dhigitiú na sochaí ***a léiriú*** agus ***cás na n-úsáideoirí glantach,*** ar ***cás ar*** leith ***é***. Ina theannta sin, an fhaisnéis lipéadaithe ***uile*** a bhaineann le cosaint na sláinte agus an chomhshaoil, chomh maith ***leis na*** treoracha ***maidir leis an úsáid is lú a bhaint as glantaigh, ba cheart í a bheith le feiceáil fós*** ar an lipéad ***fisiceach***, chun ***a chur ar a gcumas do*** gach úsáideoir deiridh roghanna eolasacha a dhéanamh sula ***gceannaíonn sé*** an glantach agus chun ***láimhseáil shábháilte an ghlantaigh*** a áirithiú.

***Ba cheart leibhéil éagsúla digitithe sna Ballstáit a chur san áireamh freisin.*** Ar an gcúis sin, ba cheart ***go léireodh*** an fhaisnéis shonrach ***atá le cur*** ar ***fáil ar*** lipéad digiteach staid reatha dhigitiú na sochaí agus ***staid*** ar leith ***úsáideoirí glantach***. ***Ba cheart rogha amháin bhreise a bheith ag lipéid dhigiteacha i gcónaí d'úsáideoirí deiridh nach bhfuil scileanna digiteacha leordhóthanacha acu, amhail glórchúntóir IS ag léamh an lipéid amach.*** Ina theannta sin, ***ba cheart go bhfanfadh*** an fhaisnéis lipéadaithe ***go léir*** a bhaineann le cosaint na sláinte agus an chomhshaoil, ***lena n-áirítear maidir le hailléirginí a bheith ann,*** chomh maith ***le*** treoracha ***íosta úsáide glantach,*** ar an lipéad ***fisiciúil***, chun ***go mbeidh*** gach úsáideoir deiridh ***in ann*** roghanna eolasacha a dhéanamh sula ***gceannóidh siad*** an glantach agus chun a áirithiú ***go láimhseálfar go sábháilte é***.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) ***Ba cheart eisceacht a dhéanamh, mar sin féin, maidir le glantaigh a dhíoltar le húsáideoirí deiridh i bhformáid athlíonta.*** Chun leas iomlán a bhaint as na ***buntáistí*** a bhaineann leis an digitiú ***agus ní hamháin sin*** ach freisin na ***buntáistí*** móra comhshaoil ***i dtéarmaí*** laghdú ar phacáistíocht agus ar ***an dramhaíl ghaolmhar*** ó phacáistíocht a ***thagann leis an gcleachtas a bhaineann le tairiscintí díolacháin*** athlíonta, ba cheart ***é a cheadú go soláthrófaí an fhaisnéis*** lipéadaithe ***go léir go digiteach cé is moite de threoracha dáileoige i gcás glantaigh níocháin tomhaltóra***. | (34) Chun leas iomlán a bhaint ***ní hamháin*** as na ***tairbhí*** a bhaineann leis an digitiú ach freisin ***as*** na ***tairbhí*** móra comhshaoil ***ó thaobh*** laghdú ***a dhéanamh*** ar phacáistíocht agus ar ***dhramhaíl*** ó phacáistíocht ***ghaolmhar*** a ***thairgeann cleachtas na ndíolachán*** athlíonta, ba cheart ***do mhonaróirí a bheith freagrach as an mbileog nó an greamán a sholáthar leis an bhfaisnéis*** lipéadaithe ***agus ba cheart don mhiondíoltóir a bheith freagrach as an mbileog sin a thabhairt don tomhaltóir nó as an ngreamán a ghreamú den bhuidéal athlíonta***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun cothrom na Féinne a áirithiú i measc oibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh, agus chun cosaint a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, ba cheart ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú digiteach a leagan síos. Mar shampla, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú ***gur féidir lipéid dhigiteacha a*** rochtain ***go héasca*** saor in aisce agus go ***ndéanfaí*** an fhaisnéis lipéadaithe éigeantach***, arna hiarraidh*** faoin Rialachán seo***,*** a dheighilt ***ón bhfaisnéis*** eile. | (35) Chun cothrom na Féinne a áirithiú i measc oibreoirí eacnamaíocha a chuireann glantaigh ar fáil ar an margadh, agus chun cosaint a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, ba cheart ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú digiteach a leagan síos. Mar shampla, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú ***go mbeidh*** rochtain saor in aisce agus ***éasca ar lipéid dhigiteacha, a bheidh ar fáil in dhá chnaipe nó clice ar a mhéad, agus*** go ***ndéanfar*** an fhaisnéis lipéadaithe éigeantach ***a iarrtar*** faoin Rialachán seo a dheighilt ***ó fhaisnéis*** eile. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ag glacadh leis an bhforbairt reatha ar na scileanna digiteacha, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis lipéadaithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar bhealaí eile freisin i gcás nach féidir leo an lipéad digiteach a rochtain. Ba cheart an oibleagáid sin a fhorchur mar bheart sábháilteachta chun aon riosca ionchasach a laghdú i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis lipéadaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le glantaigh athlíonta***, i gcás ina bhféadfaí an fhaisnéis go léir a sholáthar i lipéad digiteach***. | (36) Ag glacadh leis an bhforbairt reatha ar na scileanna digiteacha, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis lipéadaithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar bhealaí eile freisin i gcás nach féidir leo an lipéad digiteach a rochtain. Ba cheart an oibleagáid sin a fhorchur mar bheart sábháilteachta chun aon riosca ionchasach a laghdú i gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis lipéadaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le glantaigh athlíonta. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39 a) Chun costais ar chuideachtaí agus ar an bpobal a sheachaint, ar costais iad atá díréireach leis na tairbhí ginearálta, ba cheart an pas táirge, mar réamhshocrú, a bheith sonrach don mhúnla táirge lena n-áirítear teaglaim d'ainm an táirge mar aon le foirmle uathúil an ghlantaigh. I gcás ina bhfuil athruithe ar an bhfoirmle nó nuair a bhíonn difríochtaí comhdhéanaimh ann de réir na baisce, ba cheart an pas táirge a bheith sonrach don bhaisc.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais is infheidhme maidir le glantaigh nó dromchlaghníomhaithe, ba cheart pas táirge aonair a bheith ar fáil maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. | (43) I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais is infheidhme maidir le glantaigh nó dromchlaghníomhaithe, ba cheart pas táirge aonair a bheith ar fáil maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. ***Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na ceanglais maidir le dearadh teicniúil an phas táirge do ghlantaigh agus do dhromchlaghníomhaithe comhoiriúnach le critéir deartha theicniúla ar leith dá bhforáiltear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir do mhonaróirí agus d’úsáideoirí araon go ndearbhaítear go bhfuil an glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu sin nuair a chruthaítear an pas táirge don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí ***agus, i gcás inarb ábhartha, tríd an marcáil chomhréireachta a ghreamú díobh***. | (44) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir do mhonaróirí agus d’úsáideoirí araon go ndearbhaítear go bhfuil an glantach nó an dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu sin nuair a chruthaítear an pas táirge don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) I gcás nach soláthraítear faisnéis áirithe ach ar bhonn digiteach ***amháin***, is gá a shoiléiriú nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar ar leithligh agus ní mór iad a idirdhealú go follasach óna chéile ach trí iompróir sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis soiléireacht d’úsáideoirí deiridh maidir leis na píosaí éagsúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. | (45) I gcás nach soláthraítear faisnéis áirithe ach ar bhonn digiteach, is gá a shoiléiriú nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar ar leithligh agus ní mór iad a idirdhealú go follasach óna chéile ach trí iompróir sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis soiléireacht d’úsáideoirí deiridh maidir leis na píosaí éagsúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Tugtar isteach leis an Rialachán seo an fhéidearthacht maidir ***leis*** na ceanglais lipéadaithe éigeantacha ***uile, nó cuid díobh,*** a sholáthar ar ***lipéid dhigiteacha*** amháin ***i gcásanna áirithe*** agus | (62) Tugtar isteach leis an Rialachán seo an fhéidearthacht maidir ***le cuid de*** na ceanglais lipéadaithe éigeantacha a sholáthar ar ***lipéad digiteach*** amháin agus ceanglaítear leis an Rialachán seo pas |

ceanglaítear leis an Rialachán seo pas táirge digiteach a chruthú le haghaidh glantach agus dromchlaghníomhaithe. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm agus don Choimisiún chun cur chun feidhme cheanglais theicniúla an phas táirge a ullmhú. Dá réir sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta ar réasúnta é go mbeidh bailchríoch curtha ar na hullmhúcháin sin.

táirge digiteach a chruthú le haghaidh glantach agus dromchlaghníomhaithe. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm agus don Choimisiún chun cur chun feidhme cheanglais theicniúla an phas táirge a ullmhú. Dá réir sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta ar réasúnta é go mbeidh bailchríoch curtha ar na hullmhúcháin sin.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(62 a) Chun comhleanúnachas a áirithiú idir lipéadú digiteach agus an pas táirge digiteach, níor cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn lipéadú digiteach ach iompróir sonraí aonair a úsáid chun rochtain a fháil ar an lipéad digiteach agus ar an bpas táirge digiteach, agus ar an gcaoi sin úsáid shimplí ag an úsáideoir deiridh a éascú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' aon soláthar ***táirge*** lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn ***gníomhaíochta*** trachtála, ***cibé i gcomaoin*** ar íocaíocht nó saor in aisce***;*** | (13) Ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' aon soláthar ***glantaigh nó dromchlaghníomhaí*** lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn ***gníomhaíocht*** tráchtála, ***bíodh sin*** ar íocaíocht nó saor in aisce |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ciallaíonn 'cur ar an margadh' an chéad chur ar fáil ***táirge*** ar mhargadh an Aontais; | (14) Ciallaíonn 'cur ar an margadh' an chéad chur ar fáil ***glantaigh nó dromchlaghníomhaí*** ar mhargadh an Aontais; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon ***duine*** nádúrtha nó ***dlítheanach*** atá bunaithe san Aontas ***agus*** a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte ***aige*** ó mhonaróir chun gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí ***sonraithe***; | (16) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon ***daoine*** nádúrtha nó ***dlítheanacha*** atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte ***acu*** ó mhonaróir chun gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí ***i ndáil le hoibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir ***nó*** an dáileoir; | (19) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir***,*** an dáileoir***, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le táirgí a mhonarú, iad a chur ar fáil ar an margadh nó iad a chur i seirbhís i gcomhréir le reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais agus leis an Rialachán seo***; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn **'**faireachas margaidh**'** ***na*** gníomhaíochtaí agus ***na*** bearta a dhéanann ***na húdaráis um fhaireachas*** margaidh ***chun a*** áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo; | (20) ciallaíonn **"**faireachas margaidh**"** gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann ***údaráis faireachais*** margaidh ***lena*** áirithiú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ***agus i reachtaíocht chomhchuibhithe eile is infheidhme de chuid an Aontais agus chun cosaint leas an phobail a chumhdaítear leis an reachtaíocht seo a áirithiú***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' **'**údarás um fhaireachas margaidh**'** mar a ***shainítear i bpointe 4 d'Airteagal 3*** de Rialachán (AE) 2019/1020; | (21) ciallaíonn 'údarás um fhaireachas margaidh' údarás um fhaireachas margaidh mar a ***shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 4,*** de Rialachán (AE) 2019/1020 ***mar údarás atá freagrach as faireachas margaidh a eagrú agus a dhéanamh ar chríoch an Bhallstáit sin***; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) ciallaíonn 'marcáil chomhréireachta' marcáil lena léiríonn an monaróir go bhfuil an glantach i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais lena*** | ***scriosta*** |

***ndéantar foráil maidir lena greamú;***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) ciallaíonn '***beart ceartaitheach***' mar a shainmhínítear ***beart ceartaitheach*** in Airteagal 3, pointe 16, de Rialachán (AE) 2019/1020; | (25) ciallaíonn '***gníomhaíocht cheartaitheach***' mar a shainmhínítear ***gníomhaíocht cheartaitheach*** in Airteagal 3, pointe 16, de Rialachán (AE) 2019/1020 ***é***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar ***lenar féidir*** táirge a shainaithint ***agus*** nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge; | (28) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar ***chun*** táirge a shainaithint ***lenar féidir*** nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun ***oibreoirí eacnamaíocha*** atá bainteach leis an slabhra luacha táirgí a shainaithint; | (29) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun ***gníomhaithe*** atá bainteach leis an slabhra luacha táirgí a shainaithint; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 a) ciallaíonn ‘samhail’ cineál sonrach glantaigh nó dromchlaghníomhaí, lena n-áirítear teaglaim d’ainm an táirge mar aon leis an bhfoirmle uathúil, i gcomhréir leis an Aitheantóir Foirmle Uathúil (UFI), de réir Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, is cuma cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear cód UFI faoin rialachán sin.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tarraingeoidh na*** monaróirí ***suas*** an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in ***Iarscríbhinn IV*** agus déanfaidh siad an nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. | ***Sula gcuirfear glantach nó dromchlaghníomhaí ar an margadh, déanfaidh*** monaróirí ***anailís inmheánach riosca agus dréachtóidh siad*** an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in ***Iarscríbhinn IV*** agus déanfaidh siad an nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) i gcás inarb ábhartha, an mharcáil chomhréireachta a ghreamú i gcomhréir le hAirteagal 14,*** | ***scriosta*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Coimeádfaidh*** monaróirí ***an doiciméadacht theicniúil*** agus an pas táirge ***ar feadh*** 10 mbliana tar éis don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí***,*** a chumhdaítear ***faoin*** doiciméadacht nó ***faoin*** bpas táirge sin***,*** a bheith curtha ar an margadh. | 3. ***Déanfaidh*** monaróirí ***na doiciméid theicniúla*** agus an pas táirge ***a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta go ceann*** 10 mbliana tar éis don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí a chumhdaítear ***leis an*** doiciméadacht ***sin*** nó ***leis an*** bpas táirge sin a bheith curtha ar an margadh. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a mheastar é a bheith iomchuí maidir le ***feidhmíocht*** nó maidir leis na rioscaí a bhaineann ***le glantach nó dromchlaghníomhaí***, déanfaidh monaróirí tástáil shamplach ar ghlantaigh nó ar ***dhromchlaghníomhaithe den sórt sin, imscrúdóidh*** siad ***gearáin*** agus***, más gá,*** coimeádfaidh siad clár ***um ghearáin*** maidir le glantaigh nó ***dromhchlaghníomhaithe*** neamh-chomhréireacha agus maidir le ***haisghairm*** glantach ***agus*** dromchlaghníomhaithe den sórt sin, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi aon fhaireachán den sórt sin. | Nuair a mheastar é a bheith iomchuí ***agus comhréireach*** maidir le ***feidhmiú glantach*** nó ***dromchlaghníomhaí, nó*** maidir leis na rioscaí a bhaineann ***leo***, déanfaidh monaróirí tástáil shamplach ar ghlantaigh nó ar ***dromchlaghníomhaithe, déanfaidh*** siad ***imscrúdú*** agus coimeádfaidh siad clár ***inmheánach gearán*** maidir le glantaigh nó ***dromchlaghníomhaithe*** neamh-chomhréireacha agus maidir le ***haisghairmeacha*** glantach ***nó*** dromchlaghníomhaithe den sórt sin ***nó maidir le bearta ceartaitheacha eile chun an glantach nó an gníomhaí dromchlach a thabhairt chun comhréireachta***, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi aon fhaireachán den sórt sin. ***Beidh an clár ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla arna iarraidh sin. Ní stórálfar i gclár inmheánach na ngearán ach na sonraí pearsanta sin is gá chun go bhféadfaidh an monaróir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán faoi ghlantaigh nó dromchlaghníomhaithe contúirteacha líomhnaithe. Ní choinneofar sonraí den sórt sin ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe agus, in aon chás, ar feadh tréimhse nach faide ná 5*** |

| | |
|---|---|
| | ***bliana tar éis iontráil na sonraí.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Imscrúdóidh na monaróirí na gearáin arna dtíolacadh, agus faisnéis arna fáil faoi thionóiscí, a bhaineann le sábháilteacht na dtáirgí a chuir siad ar fáil ar an margadh agus a líomhnaigh an gearánaí a bheith contúirteach, agus coimeádfaidh siad clár inmheánach de na gearáin sin agus d'aisghairmeacha táirgí agus aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh chun an táirge a thabhairt chun comhréireachta.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***i gcás*** nach bhfreagraíonn an glantach, ***arna iarradh*** bileog sonraí ina leith cheana ***féin***, don fhaisnéis atá sa bhileog sonraí a thuilleadh. | (b) ***nuair*** nach bhfreagraíonn an glantach, ***a bhfuil*** bileog sonraí ***curtha ar fáil*** ina leith cheana, don fhaisnéis atá sa bhileog sonraí a thuilleadh. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Monaróirí a mheasann**,** nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint**,** nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí ***atá curtha*** ar an margadh ***acu*** i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad ***na bearta*** | 7. Monaróirí a mheasann nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí ***a chuir siad*** ar an margadh ***tar éis theacht*** i ***bhfeidhm an Rialacháin seo i*** gcomhréir leis an |

| | |
|---|---|
| ***ceartaitheacha*** is gá ***láithreach*** chun ***go mbeidh*** an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin ***i gcomhréir***, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | Rialachán seo, déanfaidh siad***, gan aon mhoill mhíchuí, an ghníomhaíocht cheartaitheach*** is gá chun an glantach ***sin*** nó an dromchlaghníomhaí sin ***a thabhairt chun comhréireachta***, chun é a tharraingt siar ***láithreach*** nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht cheartaitheach*** a rinneadh. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Arna iarraidh sin orthu, roinnfidh monaróirí faisnéis ábhartha le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear dáileoirí, allmhaireoirí agus ionadaithe údaraithe, sa slabhra soláthair lena mbaineann go tráthúil maidir le haon saincheist chomhréireachta nó riosca don tsláinte nó don chomhshaol a shainaithin siad, agus maidir le haon ghníomhaíocht cheartaitheach, aisghairm nó tarraingt siar.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht an ghlantaigh nó an ***dromchlaghníomhaí*** leis an Rialachán seo a léiriú ***ar fáil don údarás sin***, i ***bhfoirm páipéir nó leictreonach*** agus ***i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint gan stró***. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, ***arna iarraidh sin dó***, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. | 8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad ***ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach agus, má iarrtar sin, i bhformáid pháipéir,*** is gá chun comhréireacht an ghlantaigh nó an ***dromchlaghnomhaí*** leis an Rialachán seo a léiriú, i ***dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit as ar tháinig an t-údarás. Soláthrófar an fhaisnéis*** agus ***an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil***. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, ***nuair a iarrann an údarás sin amhlaidh***, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Cuirfidh monaróirí bealaí cumarsáide ar fáil go poiblí, amhail uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist nó cuid ar leith dá suíomh gréasáin, agus riachtanais inrochtaineachta daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh, lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí deiridh gearáin nó ábhair imní a chur isteach maidir le neamhchomhlíonadh féideartha táirgí nó sábháilteacht.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Ní bheidh an ceapachán bailí ach amháin nuair a ghlacfaidh an t-ionadaí údaraithe leis i scríbhinn.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mura mbeidh an monaróir bunaithe san Aontas, ní fhéadfar an glantach ná an dromchlaghníomhaí a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin i gcás ina n-ainmníonn an monaróir ionadaí údaraithe aonair trí shainordú i scríbhinn. | 2. Mura mbeidh an monaróir bunaithe san Aontas, ní fhéadfar an glantach ná an dromchlaghníomhaí a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin i gcás ina n-ainmníonn an monaróir ionadaí údaraithe aonair trí shainordú i scríbhinn***, sula gcuireann sé a tháirgí ar fáil ar mhargadh an Aontais***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Monaróirí nach bhfuil bunaithe san Aontas, ba cheart dóibh seoladh agus seoladh ríomhphoist a n-ionadaí údaraithe a chur in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadófar leis an sainordú don ionadaí údaraithe na nithe seo a leanas a dhéanamh ***ar a laghad***: | Ceadófar leis an sainordú don ionadaí údaraithe na nithe seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***mar*** thoradh ***ar*** iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun ***a léiriú go bhfuil an glantach*** nó an ***dromchlaghníomhaí i gcomhréir*** leis na ceanglais a leagtar síos leis an ***Rialachán seo***; | (c) ***de*** thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun ***comhréireacht an ghlantaigh*** nó an ***dromchlaghnomhaí*** leis na ceanglais a leagtar síos ***sa Rialachán seo a léiriú, laistigh de 20 lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil agus i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais is féidir*** leis an ***údarás sin a thuiscint go héasca***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) oibriú i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair a iarrann siad ***sin*** amhlaidh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó ***le dromchlaghníomhaí*** a chumhdaítear le sainordú an ***ghníomhaire ghinearálta.*** | (d) oibriú i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair a iarrann siad amhlaidh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar ***i ndáil le neamhchomhlíonadh glantaigh nó dromchlaghnomhaí nó*** chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó ***dromchlaghnomhaí*** a chumhdaítear le sainordú an ***ionadaí údaraithe;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an sainordú a fhoirceannadh mura gcomhlíonann an monaróir oibleagáidí an | (e) an sainordú a fhoirceannadh mura gcomhlíonann an monaróir oibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo ***agus*** |

| | |
|---|---|
| mhonaróra faoin Rialachán seo**.** | ***údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit ina bhfuil an monaróir bunaithe a chur ar an eolas gan moill mhíchuí;*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) cúraimí eile a dhéanamh má fhoráiltear dóibh sa sainordú i scríbhinn;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e b) i gcás ina measann an t-ionadaí údaraithe, nó ina bhfuil cúis aige chun a chreidiúint, go bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí contúirteach, cuirfidh sé an monaróir ar an eolas faoi sin;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e c) i gcás ina n-athraíonn an t-ionadaí údaraithe, cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm chun aistriú éifeachtach an tsainordaithe a áirithiú lena gceadaítear don ionadaí údaraithe isteach cúraimí an tsainordaithe a chur i gcrích.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Beidh na hacmhainní iomchuí ar fáil ag na hionadaithe údaraithe chun gur féidir leo a gcuid cúraimí a chur i gcrích.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go bhfuil an mharcáil chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 ar an nglantach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina measann allmhaireoir, nó ina bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an glantach ná an dromchlaghníomhaí ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí, cuirfidh an t-allmhaireoir an monaróir agus na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin. | 3. I gcás ina measann allmhaireoir, nó ina bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an glantach ná an dromchlaghníomhaí ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí, cuirfidh an t-allmhaireoir an monaróir agus na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin ***gan mhoill mhíchuí***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus ríomhphoist ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a lua ar lipéad an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí. ***Ní mór*** na sonraí teagmhála ***a bheith i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh*** agus ***údaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca***. | 4. Déanfaidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus ríomhphoist ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a lua ar lipéad an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí. ***Cuirfear an fhaisnéis sin ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge. Beidh*** na sonraí teagmhála ***soiléir, intuigthe*** agus ***inléite***. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Nuair a mheastar é a bheith iomchuí maidir le feidhmíocht ***glantaigh*** nó dromchlaghníomhaí nó maidir leis na rioscaí a bhaineann leo, déanfaidh allmhaireoirí tástáil shamplach ar ghlantaigh agus ar ***dhromchlaghníomhaithe*** den sórt sin, ***imscrúdóidh*** siad ***gearáin*** agus***, más gá, coimeádfaidh*** siad clár ***um ghearáin*** maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe neamh-chomhréireacha agus maidir le ***haisghairm*** glantach agus dromchlaghníomhaithe den sórt sin, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi aon fhaireachán den sórt sin. | 7. Nuair a mheastar é a bheith iomchuí maidir le feidhmíocht ***glantach*** nó dromchlaghníomhaí***,*** nó maidir leis na rioscaí a bhaineann leo, déanfaidh allmhaireoirí tástáil shamplach ar ghlantaigh agus ar ***dromchlaghníomhaithe*** den sórt sin, ***déanfaidh*** siad ***imscrúdú*** agus ***coinneoidh*** siad clár ***inmheánach gearán*** maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe neamh-chomhréireacha***,*** agus maidir le ***haisghlaochanna*** glantach agus dromchlaghníomhaithe den sórt sin, agus coimeádfaidh siad dáileoirí ar an eolas faoi aon fhaireachán den sórt sin. ***Cuirfear clár den sórt sin ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla nuair a iarrann siad amhlaidh agus laistigh de 20 lá oibre tar éis aon iarraidh den sórt sin a fháil.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Imscrúdóidh allmhaireoirí gearáin a thíolacfar, agus faisnéis a fhaightear maidir le tionóiscí, a bhaineann le sábháilteacht glantach nó dromchlaghníomhaithe a chuir siad ar fáil ar an margadh, agus déanfaidh siad gearáin den sórt sin a chomhdú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 9 (7a nua)), chomh maith le haon bhearta ceartaitheacha eile a rinneadh chun an glantach a thabhairt chun comhréireachta. Coinneoidh allmhaireoirí na gníomhaithe eacnamaíocha lena mbaineann ar an eolas go tráthúil.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 b. Ní stórálfar i gclár na ngearán ach na sonraí pearsanta sin is gá chun go bhféadfaidh an t-allmhaireoir imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán faoi ghlantaigh nó dromchlaghníomhaithe contúirteacha líomhnaithe. Ní choinneofar sonraí den sórt sin ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe agus, in aon chás, ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis iontráil na sonraí.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad ***na bearta ceartaitheacha*** is gá ***láithreach*** chun go mbeidh an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin i gcomhréir leis, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | 8. Allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad ***an ghníomhaíocht cheartaitheach*** is gá ***gan moill mhíchuí*** chun go mbeidh an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin i gcomhréir leis, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm ***láithreach***, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht cheartaitheach*** a rinneadh. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Déanfaidh allmhaireoirí, arna iarraidh sin ag údaráis faireachais margaidh, faisnéis ábhartha a roinnt le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear dáileoirí, agus le hionadaithe údaraithe, sa slabhra soláthair lena mbaineann go tráthúil maidir le haon saincheist chomhréireachta nó riosca don tsláinte nó don chomhshaol a shainaithin siad, agus maidir le haon ghníomhaíocht cheartaitheach, aisghairm nó tarraingt siar*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Cuirfidh allmhaireoirí ***ar fáil, ar páipéar nó i bhfoirm leictreonach, don údarás inniúil náisiúnta a iarrfaidh sin de bhun réasúnaithe,*** an fhaisnéis agus ***na doiciméid*** ar fad is gá chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú***, agus sin*** i dteanga ***arb éasca don*** údarás ***í*** a thuiscint. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. | 10. ***Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil,*** cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus ***an doiciméadacht*** ar fad is gá***, i bhformáid leictreonach agus, arna iarraidh sin, i bhformáid pháipéir, ar fáil don údarás sin*** chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú i dteanga ***is féidir leis an*** údarás ***sin*** a thuiscint ***go héasca***. ***Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil.*** Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 a. Fíoróidh allmhaireoirí an bhfuil na bealaí cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 7(8a) ar fáil go poiblí do thomhaltóirí, rud a chuirfidh ar a gcumas gearáin agus ábhair imní a chur isteach maidir le neamhchomhréireacht fhéideartha táirgí. I gcás nach bhfuil bealaí den sórt sin ar fáil, déanfaidh na hallmhaireoirí foráil dóibh, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go bhfuil an mharcáil chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 ar an nglantach;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina measann dáileoir, nó ina bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an dáileoir an glantach ná an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí, cuirfidh an dáileoir an monaróir agus, i gcás inarb ábhartha, an t-ionadaí údaraithe nó an t-allmhaireoir, mar aon leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar an eolas faoi sin. | 3. I gcás ina measann dáileoir, nó ina bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an dáileoir an glantach ná an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí, cuirfidh an dáileoir an monaróir agus, i gcás inarb ábhartha, an t-ionadaí údaraithe nó an t-allmhaireoir, mar aon leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, ar an eolas faoi sin ***gan mhoill mhíchuí***. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an | 5. Dáileoirí a mheasann, nó a bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil glantach nó dromchlaghníomhaí atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an |

| | |
|---|---|
| Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar ***na bearta ceartaitheacha*** is gá chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***bheart ceartaitheach*** a rinneadh. | Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar ***an ghníomhaíocht cheartaitheach*** is gá***, láithreach bonn,*** chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, i gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil ar an margadh ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíonadh agus faoi aon ***ghníomhaíocht cheartaitheach*** a rinneadh. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***De bhun*** iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil ***náisiúnta***, cuirfidh dáileoirí ar fáil don údarás sin***, ar páipéar nó i bhfoirm leictreonach, an fhaisnéis agus na doiciméid ar fad is gá*** chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, nuair a iarrann an t-údarás sin amhlaidh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá curtha ar fáil ar an margadh acu. | 6. ***Mar thoradh ar*** iarraidh réasúnaithe ó údarás ***náisiúnta*** inniúil, cuirfidh dáileoirí ***an fhaisnéis agus an doiciméadacht*** ar ***fad is gá, i bhformáid leictreonach agus, arna iarraidh sin, i bhformáid pháipéir, ar*** fáil don údarás sin chun comhréireacht an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí leis an Rialachán seo a léiriú. ***Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil.*** Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, nuair a iarrann an t-údarás sin amhlaidh, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe atá curtha ar fáil ar an margadh acu. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar ***allmhaireoir nó dáileoir*** a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi ***Airteagal*** *7* i gcás ina ***gcuirfidh an t-allmhaireoir nó an dáileoir sin*** glantach nó dromchlaghníomhaí ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc*,* nó i gcás ina ***modhnóidh*** sé glantach nó dromchlaghníomhaí ***a cuireadh*** ar an margadh cheana féin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh an Rialacháin seo. | Measfar ***oibreoir eacnamaíoch seachas monaróir*** a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi ***Airteagal*** *7* i gcás ina ***gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch*** glantach nó dromchlaghníomhaí ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc ***féin*** nó i gcás ina ***modhnaíonn*** sé glantach nó dromchlaghníomhaí ***atá curtha*** ar an margadh cheana féin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh an Rialacháin seo. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 14*** | ***scriosta*** |
| ***Rialacha agus coinníollacha maidir leis an marcáil chomhréireachta a ghreamú*** | |
| ***1. Beidh an mharcáil chomhréireachta faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.*** | |
| ***2.*** | |
| ***Déanfar an mharcáil chomhréireachta a ghreamú go feiceálach, go soléite agus go doscriosta sula gcuirfear glantach ar an margadh.*** | |
| ***Greamófar an mharcáil chomhréireachta den lipéad nó den phacáistiú glantaigh nó, i gcás ina soláthraítear an glantach ar an mórchóir, den doiciméad a ghabhann leis an nglantach.*** | |
| ***I gcás, i gcomhréir le hAirteagal 16(2),*** | |

***nach bhféadfaidh oibreoirí eacnamaíocha ach lipéad digiteach a sholáthar, cuirfear an an mharcáil chomhréireachta ar fáil ar an lipéad digiteach.***

***3. Cuirfidh na Ballstáit le sásraí reatha chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an réimeas lena rialaítear an mharcáil chomhréireachta i gceart agus déanfaidh siad gníomhaíocht iomchuí i gcás ina mbainfear úsáid mhíchuí as an marcáil sin.***

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Oibreoir eacnamaíoch a chuireann glantach ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***cuirfidh*** sé an lipéad fisiceach ***nó*** an t-iompróir sonraí ***ar fáil*** trína bhfuil an ***lipéad digiteach inrochtana don*** úsáideoir deiridh. | 2. Oibreoir eacnamaíoch a chuireann glantach ar fáil ar an margadh go díreach d'úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***soláthróidh*** sé an lipéad fisiceach ***agus*** an t-iompróir sonraí trína bhfuil ***rochtain ag*** an úsáideoir deiridh ***ar an gcuid dhigiteach den lipéad***. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) uimhir chineáil, baiscuimhir nó eilimint eile lenar féidir iad a shainaithint***;*** | (a) uimhir chineáil, ***uimhir mhúnla,*** baiscuimhir ***i gcás inarb ábhartha,*** nó eilimint eile lenar féidir iad a shainaithint***.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra agus an seoladh poist agus ríomhphoist ***lenar*** féidir dul i dteagmháil leo. Tabharfar pointe aonair ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir ann le fios leis an seoladh poist; | (b) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra agus***, i gcás inarb ábhartha,*** an ***ionadaí údaraithe, agus an*** seoladh poist agus ríomhphoist ***ag ar*** féidir dul i dteagmháil leo. Tabharfar pointe aonair ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir ann le fios leis an seoladh poist; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) treoracha úsáide agus réamhchúraimí speisialta, i gcás inar gá agus inarb ábhartha. | (e) treoracha úsáide***,*** agus réamhchúraimí speisialta ***sláinte agus sábháilteachta***, i gcás inar gá agus inarb ábhartha. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gcuirfear glantaigh nó dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh, beidh ag gabháil leo na heilimintí lipéid ***a leagtar amach in Airteagal 15(3) agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 15(4)*** san fhoirm seo a leanas: | I gcás ina gcuirfear glantaigh nó dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh, beidh ag gabháil leo na heilimintí lipéid san fhoirm seo a leanas: |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***ar*** lipéad fisiceach; | (a) lipéad fisiceach ***ar a bhfuil na heilimintí a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Airteagal 15(3) agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis na dáileoige, mar a leagtar amach in Airteagal 15(4), chomh maith leis na critéir dá bhforáiltear in Iarscríbhinn V Cuid A (4), maidir le cumhráin ailléirgineacha, i gcás ina gcuirfear rabhadh trí úsáid a bhaint as ainm coiteann an chomhábhair***; ***agus*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***ar*** lipéad digiteach agus ***dúbailte ar lipéad fisiceach***. | (b) lipéad digiteach ***ar a mbeidh na heilimintí uile a leagtar amach in Airteagal 15*** agus ***faisnéis ábhartha eile, amhail bealaí diúscartha sábháilte agus dea-chleachtais***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar an fhaisnéis uile atá ar an lipéad fisiceach mar a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír a dhúbláil ar an lipéad digiteach.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***De mhaolú ar phointe (b) den chéad fhomhír, ní gá na heilimintí lipéadaithe a leagtar amach i gCuid C d'Iarscríbhinn V a dhúbailt ar an lipéad fisiceach. Ina theannta sin, i gcás ina soláthrófar an fhaisnéis dáileoige do ghlantaigh níocháin tomhaltóra i gcomhréir le pointí 1 agus 2 de chuid B d'Iarscríbhinn V ar an lipéad digiteach, féadfar greille shimplithe dáileoige mar a leagtar amach i gcuid D d'Iarscríbhinn V a sholáthar ar an lipéad fisiceach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***De mhaolú ar mhír 1,*** i gcás ina gcuirfear glantaigh ar fáil ar an margadh go díreach ***d'***úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***ní fhéadfar na heilimintí*** lipéid ***a leagtar amach in Airteagal 15(3) agus (4) a chur ar fáil ach amháin ar lipéad digiteach, cé is moite d'fhaisnéis dáileoige do ghlantaigh níocháin tomhaltóra mar a leagtar amach i bpointe 1 agus i bpointe 2 de chuid B d'Iarscríbhinn V, ar gá iad a sholáthar ar lipéad fisiceach freisin***. | 2. I gcás ina gcuirfear glantaigh ar fáil ar an margadh go díreach ***don*** úsáideoir deiridh i bhformáid athlíonta, ***soláthrófar bileog nó greamán ina mbeidh an fhaisnéis fhisiceach*** lipéid ***dá dtagraítear in Airteagal 16(1a) don úsáideoir deiridh***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cuirfear gach ***eilimint*** lipéid dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ***agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 15(4***) ar fáil in aon áit amháin agus beidh siad | (a) cuirfear gach ***gné*** lipéid dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ***i gcomhréir le hAirteagal 16(1***) ar fáil in aon áit amháin agus beidh siad scartha ó fhaisnéis |

| | |
|---|---|
| scartha ó fhaisnéis eile; | eile; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inchuardaithe; | (b) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inchuardaithe***, trí na modhanna éagsúla teicneolaíocha***; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana do gach úsáideoir san Aontas; | (c) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana ***go héasca agus go díreach*** do gach úsáideoir san Aontas; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***beidh*** an fhaisnéis ar an lipéad digiteach ***curtha*** i láthair ***ar bhealach*** lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais grúpaí leochaileacha agus lena ***dtacófar***, de réir mar is ábhartha, leis na hoiriúnuithe is gá chun rochtain ar an bhfaisnéis ag na grúpaí sin a éascú; | (e) ***cuirfear*** an fhaisnéis ar an lipéad digiteach i láthair ***i dteanga agus i bhformáid*** lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais grúpaí leochaileacha***, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas,*** agus lena ***dtacaítear***, de réir mar is ábhartha, leis na hoiriúnuithe is gá chun rochtain ar an bhfaisnéis ag na grúpaí sin a éascú; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) beidh an lipéad digiteach ar fáil ar feadh tréimhse 10 mbliana ón uair a chuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar an margadh, agus ***mar aon leis sin i gcásanna dócmhainneachta, leachtaithe nó scoir de ghníomhaíocht san Aontas den oibreoir*** eacnamaíoch a chruthaigh é, nó ar feadh tréimhse níos faide mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile an Aontais lena gcumhdaítear an fhaisnéis atá ann; | (h) beidh an lipéad digiteach ar fáil ***go dtí dáta éaga an ghlantaigh nó an dromchlaghníomhaí, nó, mura bhfuil dáta éaga ag an nglantach nó ag an dromchlaghníomhaí,*** ar feadh tréimhse 10 mbliana ón uair a chuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar an margadh, agus ***freisin i gcás dhócmhainneacht, leachtú nó scor gníomhaíochta an oibreora*** eacnamaíoch a chruthaigh é ***san Aontas***, nó ar feadh tréimhse níos faide mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile ***de chuid*** an Aontais lena gcumhdaítear an fhaisnéis atá ann; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana tríd an iompróir sonraí. | (i) beidh an fhaisnéis ar an lipéad digiteach inrochtana ***go héasca*** tríd an iompróir sonraí. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go ***fisiceach*** ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo. | Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go ***fisiciúil, i bhfoirm infheicthe,*** ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo***, ar bhealach inar féidir é a phróiseáil go huathoibríoch le gléasanna digiteacha***. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhreis ar an gceanglas sa chéad fhomhír, i gcás ina gcuirfear glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, beidh an t-iompróir sonraí i láthair ar an ***stáisiún athlíonta***. | De bhreis ar an gceanglas sa chéad fhomhír, i gcás ina gcuirfear glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, beidh an t-iompróir sonraí i láthair ar an ***mbileog nó ar an ngreamán***. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí ***le feiceáil*** go soiléir ***ag an*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannachán*** agus ***ag*** údaráis ***um fhaireachas*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíol***. | Beidh an t-iompróir sonraí ***infheicthe*** go soiléir***, inléite, inrochtana agus sothuigthe go héasca don*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannach*** agus ***d'***údaráis ***faireachais*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíolacháin***. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***I gcás ina gcuirfidh*** oibreoirí eacnamaíocha ***lipéad digiteach ar fáil, beidh*** an ráiteas '***Tá faisnéis níos cuimsithí faoin táirge*** ar fáil ar ***líne' ag gabháil leis an iompróir*** sonraí. | 3. ***Maidir leis an bhfaisnéis atá ar an lipéad digiteach, cuirfidh*** oibreoirí eacnamaíocha an ráiteas '***Scanadh le haghaidh tuilleadh faisnéise' nó ráiteas comhchosúil, nó picteagram,*** ar fáil ar ***a n-iompróir*** sonraí. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha ***a sholáthraíonn lipéad digiteach*** aon fhaisnéis ***úsáide*** a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun ***críoch eile*** seachas an méid ***a bhfuil fíorghá leis*** chun an fhaisnéis ar an lipéad digiteach a sholáthar ar líne. | 4. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis ***maidir le húsáid*** a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun ***críocha*** seachas an méid ***atá fíor-riachtanach*** chun an fhaisnéis ar an lipéad digiteach a sholáthar ar líne***, ar faisnéis í a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679***. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Na hoibreoirí*** eacnamaíocha ***a sholáthraíonn lipéad digiteach, soláthróidh siad*** an fhaisnéis atá ***sa*** lipéad digiteach ar ***mhodhanna*** eile in aon cheann de na cásanna seo a leanas: | ***Soláthróidh oibreoirí*** eacnamaíocha an fhaisnéis atá ***ar an*** lipéad digiteach ar ***bhealaí*** eile ***agus saor*** in ***aisce in*** aon cheann de na cásanna seo a leanas: |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Chun rochtain a fháil ar an lipéad digiteach agus ar an bPas Táirge Digiteach, úsáidfear iompróir sonraí aonair.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhfhreagróidh ***sí*** do bhaisc shonrach den ghlantach nó den ***dromchlaghníomhaí***; | (a) comhfhreagróidh ***sé*** do ***shamhail shonrach, a thabharfar cothrom le dáta nuair a athraíonn an UPI, nó i gcás inarb iomchuí, do*** bhaisc shonrach den ghlantach nó den ***dhromchlaghníomhaí, eadhon go ndéanfar athruithe ar liosta na gcomhábhar***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) beidh torthaí an nós imeachta um measúnú comhréireachta ann, arna dhéanamh ag an monaróir;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh ann ar a laghad an fhaisnéis a áirítear in ***Iarscríbhinn VI***; | (c) beidh ann ar a laghad an fhaisnéis a áirítear in ***Iarscríbhinn VI agus an gá atá le faisnéis rúnda gnó agus rúin trádála a chosaint i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/943 á chur san áireamh agus a áirithiú go roinnfear faisnéis ar bhealach slán***; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) beidh sé cothrom le dáta; | (d) beidh sé cothrom le dáta***, cruinn*** |

*agus iomlán*;

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) beidh sé ar fáil sa teanga nó ***sna teangacha*** a éilíonn an Ballstát ina ndéantar an glantach nó an dromchlaghníomhaí a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh; | (e) beidh sé ar fáil sa teanga nó ***i dtrí theanga ar*** a ***mhéad a*** éilíonn an Ballstát ina ndéantar an glantach nó an dromchlaghníomhaí a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) beidh ***sé inrochtana d'***úsáideoirí deiridh, ***d'***údaráis ***um fhaireachas*** margaidh, ***d'***údaráis chustaim, ***don Choimisiún agus d'***oibreoirí eacnamaíocha eile; | (f) beidh ***rochtain éasca air ag*** úsáideoirí deiridh, ***ag*** údaráis ***faireachais*** margaidh, ***ag*** údaráis chustaim, ***ag an gCoimisiún, ag*** oibreoirí eacnamaíocha eile ***agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, taighdeoirí agus ceardchumainn***; |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) comhlíonfaidh sé na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 8***. | (i) comhlíonfaidh sé na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun ***mhír 9***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiceach ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i ***mír 8***. | Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiceach ar an nglantach nó ar an dromchlaghníomhaí, ar a bpacáistiú nó ar an doiciméadacht a ghabhann leo, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i ***mír 9***. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhreis ar an gceanglas sa chéad fhomhír, i gcás ina gcuirfear glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, beidh an t-iompróir sonraí i láthair ar an ***stáisiún athlíonta***. | De bhreis ar an gceanglas sa chéad fhomhír, i gcás ina gcuirfear glantaigh agus dromchlaghníomhaithe ar fáil ar an margadh i bhformáid athlíonta, beidh an t-iompróir sonraí i láthair ar an ***mbileog nó ar an ngreamán***. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an t-iompróir sonraí ***le feiceáil*** go soiléir ***ag an*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannachán*** agus ***ag*** údaráis ***um fhaireachas*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíol***. | Beidh an t-iompróir sonraí ***infheicthe*** go soiléir ***don*** úsáideoir deiridh roimh aon ***cheannach*** agus ***d'***údaráis ***faireachais*** margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, i gcásanna ina gcuirtear an glantach nó an dromchlaghníomhaí ar fáil trí ***chiandíolacháin ar phríomhleathanach leathanach an táirge ar líne***. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***I gcás ina soláthraíonn oibreoirí eacnamaíocha lipéad digiteach,*** úsáidfear iompróir sonraí aonair chun rochtain a fháil ar an ***bpas táirge*** agus ar an ***lipéad*** digiteach. | 4. Úsáidfear iompróir sonraí aonair chun rochtain a fháil ar an ***lipéad digiteach*** agus ar an ***bpas táirge*** digiteach ***i gcomhréir le hAirteagal 17(5a)***. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina n-éilítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le glantaigh agus le dromchlaghníomhaithe, cruthófar pas táirge aonair le haghaidh glantach agus dromchlaghníomhaithe, ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach i mír 2 chomh maith le haon fhaisnéis eile a éilítear le haghaidh an phas táirge leis an reachtaíocht eile sin den Aontas. | 6. I gcás ina n-éilítear pas táirge le reachtaíocht eile an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le glantaigh agus le dromchlaghníomhaithe, cruthófar pas táirge aonair le haghaidh glantach agus dromchlaghníomhaithe, ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach i mír 2 chomh maith le haon fhaisnéis eile a éilítear le haghaidh an phas táirge leis an reachtaíocht eile sin den Aontas. ***Comhlíonfaidh dearadh teicniúil agus oibriú pas táirge aonair den sórt sin na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán seo agus beidh sé comhoiriúnach le critéir deartha theicniúla leithleacha dá bhforáiltear i Rialachán eile.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Beidh an pas táirge ar cheann de na modhanna príomha a bheidh ag na húdaráis náisiúnta inniúla chun fíorú*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo ag an nglantach nó ag an dromchlaghníomhaí a éascú.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) beidh an fhaisnéis ***uile*** a bheidh sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte ***arna bhforbairt le formáid*** idir-inoibritheach agus beidh sí inléite ag meaisín, struchtúrtha agus ***inchuardaithe***; | (b) beidh an fhaisnéis ***go léir*** a bheidh sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte ***a fhorbrófar i bhformáid*** idir-inoibritheach agus beidh sí***, de réir mar is iomchuí,*** inléite ag meaisín, struchtúrtha***, inchuardaithe*** agus ***inaistrithe trí líonra malartaithe sonraí idir-inoibritheach oscailte gan gaibhniú díoltóirí***; |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) déanfar pasanna táirgí a dhearadh agus a oibriú ionas go mbeidh siad so-úsáidte;*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beidh rochtain ***saor in aisce*** ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge; | (c) beidh rochtain ***éasca*** ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge ***saor in aisce agus gan rochtain a shrianadh d'úsáideoirí atá ann cheana***; |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge***;*** | (d) is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge ***agus a choinneoidh cothrom le dáta iad.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Sula gcuirfear glantach nó dromchlaghníomhaí ar an margadh, uaslódálfaidh oibreoirí eacnamaíocha, sa chlárlann a bhunaítear faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE).../... maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe, an t-aitheantóir táirge uathúil agus an t-aitheantóir oibreora uathúil don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí. | 1. Sula gcuirfear glantach nó dromchlaghníomhaí ar an margadh, ***agus tar éis gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18(9),*** uaslódálfaidh oibreoirí eacnamaíocha, sa chlárlann a bhunaítear faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE).../... maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe, an t-aitheantóir táirge uathúil agus an t-aitheantóir oibreora uathúil don ghlantach nó don dromchlaghníomhaí. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil riosca don tsláinte nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le dromchlaghníomhaí, | 1. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag na húdaráis um fhaireachas margaidh i mBallstát amháin lena chreidiúint go bhfuil riosca don tsláinte***, don tslándáil*** nó don chomhshaol ag baint le glantach nó le |

| | |
|---|---|
| déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann ina gcumhdófar ***gach ceanglas ábhartha*** a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin. | dromchlaghníomhaí, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann ina gcumhdófar ***na ceanglais uile*** a ***bhaineann leis an riosca agus a*** leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Más rud é, le linn na rialuithe dá dtagraítear i míreanna 1 nó 2, go gcinnfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, nach gcomhlíonann an glantach nó an dromchlaghníomhaí na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a thabhairt chun comhréireachta leis na ceanglais sin, iad a tharraingt siar ón margadh, nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, tréimhse a bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca dá dtagraítear i mír 1. | 3. Más rud é, le linn na rialuithe dá dtagraítear i míreanna 1 nó 2, go gcinnfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, nach gcomhlíonann an glantach nó an dromchlaghníomhaí na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad gan mhoill ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a thabhairt chun comhréireachta leis na ceanglais sin, iad a tharraingt siar ón margadh, nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, tréimhse a ***leagfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh síos agus a*** bheidh i gcomhréir leis an gcineál riosca dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más rud é, tar éis meastóireacht a bheith déanta faoi Airteagal 22(1), go gcinneann údarás um fhaireachas margaidh cé go bhfuil glantach nó | 1. Más rud é, tar éis meastóireacht a bheith déanta faoi Airteagal 22(1), go gcinneann údarás um fhaireachas margaidh cé go bhfuil glantach nó |

| | |
|---|---|
| dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, go mbaineann riosca leis don tsláinte nó don chomhshaol, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach mbainfidh an riosca sin níos mó leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann, nuair a chuirtear ar an margadh iad, chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a tharraingt siar ón margadh nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, ***atá*** i gcomhréir le cineál an riosca sin. | dromchlaghníomhaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, go mbaineann riosca leis don tsláinte nó don chomhshaol, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh lena áirithiú nach mbainfidh an riosca sin níos mó leis an nglantach nó leis an dromchlaghníomhaí lena mbaineann, nuair a chuirtear ar an margadh iad, chun an glantach nó an dromchlaghníomhaí a tharraingt siar ón margadh nó iad a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, ***tréimhse a leagfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh síos agus a bheidh*** i gcomhréir le cineál an riosca sin. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) greamaíodh an mharcáil chomhréireachta de shárú ar Airteagal 14 nó níor greamaíodh é in aon chor;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) ní chomhlíontar aon oibleagáid riaracháin eile dá bhforáiltear sa Rialachán.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus ***athchomhairleach***. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta sin agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh gan mhoill. | Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach***, athchomhairleach*** agus ***ba cheart dóibh méid an fhiontair agus a thaithí ar an margadh a chur san áireamh***. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta sin agus faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh gan mhoill. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar ghlantaigh agus ar dhromchlaghníomhaithe a bheith á gcur ar an margadh ar táirgí iad a chuirtear ar an margadh roimh an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***30 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 mar is infheidhme an … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá amháin roimh ***30 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] | Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar ghlantaigh agus ar dhromchlaghníomhaithe a bheith á gcur ar an margadh ar táirgí iad a chuirtear ar an margadh roimh an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***42 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 mar is infheidhme an … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá amháin roimh ***42 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glantaigh agus dromchlaghníomhaithe a chuirtear ar an margadh tar éis an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá amháin roimh ***30 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus a chomhlíonann tráth a chuirtear ar an margadh iad Rialachán (CE) Uimh. | Glantaigh agus dromchlaghníomhaithe a chuirtear ar an margadh tar éis an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá amháin roimh ***42 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus a chomhlíonann tráth a chuirtear ar an margadh iad Rialachán (CE) Uimh. |

| | |
|---|---|
| 648/2004 mar is infheidhme an … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta cur i bhfeidhm = 1 lá amháin roimh ***30 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], féadfar é a chur ar fáil ar an margadh go dtí an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 648/2004 mar is infheidhme an … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta cur i bhfeidhm = 1 lá amháin roimh ***42 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], féadfar é a chur ar fáil ar an margadh go dtí an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 1– pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na cainníochtaí molta agus/nó na treoracha dáileogachta arna sloinneadh i millilítir nó i ngraim atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin, i leith na leibhéal cruais uisce cruas bog, meánach agus crua agus treoracha do phróisis níocháin d’aon timthriall amháin nó de dhá thimthriall, | (a) na cainníochtaí molta agus/nó na treoracha dáileogachta arna sloinneadh i millilítir nó i ngraim atá iomchuí do ghnáthualach meaisín níocháin, i leith na leibhéal cruais uisce cruas bog, meánach agus crua agus treoracha do phróisis níocháin d’aon timthriall amháin nó de dhá thimthriall, ***nó na treoracha dáileoige molta arna sloinneadh i líon na n-aonad (e.g. capsúil, caipíní) a fhreagraíonn do ghnáthualach meaisín níocháin, lena gcoigeartaítear an dáileog chaighdeánach i gcás inar gá le haghaidh cruas uisce bog, meánach agus crua,*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – Cuid B – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear in iúl ar lipéad glantach miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra an dáileog chaighdeánach arna sloinneadh i ngraim nó i millilítir nó an líon ***táibléad*** don phríomh-timthriall níocháin le haghaidh gréithe gnáthshalaithe i miasniteoir lánluchtaithe ag a bhfuil 12 chóiriú, agus an ghnáth-dháileog á | 3. Cuirfear in iúl ar lipéad glantach miasniteoirí uathoibríocha tomhaltóra an dáileog chaighdeánach arna sloinneadh i ngraim nó i millilítir nó an líon ***aonad, eadhontaibléid nó capsúil,*** don phríomh-timthriall níocháin le haghaidh gréithe gnáthshalaithe i miasniteoir lánluchtaithe ag a bhfuil 12 chóiriú, agus an ghnáth- |

| | |
|---|---|
| coigeartú, le haghaidh cruas uisce bhoig, mheánaigh agus chrua. | dháileog á coigeartú, le haghaidh cruas uisce bhoig, mheánaigh agus chrua. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) an measúnú comhréireachta arna dhéanamh ag an monaróir.*** |

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS
## FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the opinion, until the adoption thereof in committee:

| Entity and/or person |
|---|
| A.I.S.E. - Association Internationale de la Savonnerie, de la Détergence et des Produits d'Entretien |
| EurEau - European Federation of National Associations of Water Services |
| CESIO – European Committee of Organic Surfactants and their Intermediates |
| EuroCommerce |
| American Chamber of Commerce to the European Union |
| Cefic- European Chemical Industry Council |
| Independent Retail Europe (formerly UGAL - Union of Groups of Independent Retailers of Europe) |
| Association of Manufacturers and Formulators of Enzyme Products – AMFEP |
| AISDPCL - Associação dos Industriais de Sabões, Detergentes e Produtos de Conservação e Limpeza (A.I.S.E. associate) |
| Energizer |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimhir 648/2004 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0217 – C9-0154/2023 – 2023/0124(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | ENVI<br>1.6.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | IMCO<br>1.6.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 5.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Maria da Graça Carvalho<br>5.9.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 13.11.2023 4.12.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 40<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Brando Benifei, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Eugen Jurzyca, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Salvatore De Meo, Carlo Fidanza, Ivars Ijabs, Stelios Kouloglou |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 40 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek |
| ID | Alessandra Basso |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Salvatore De Meo, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Alex Agius Saliba, Laura Ballarín Cereza, Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Stelios Kouloglou |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh